Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2026
(OR. en)

15388/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0580(CNS)

FISC 391
ECOFIN 1417
MI 1128
SAN 764
UD 318

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Treoir ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac amh, ar thobac monaraithe agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (athmhúnlú) - Cur chuige ginearálta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht.

Dréacht

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac amh, ar thobac monaraithe agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (athmhúnlú)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ag

gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid a leanas:

(1) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar Threoir 2011/64/AE ón gComhairle[1]. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú.

(2) Tá athrú suntasach tagtha ar an margadh tobac ó glacadh Treoir 2011/64/AE. Cuireadh táirgí nua ar an margadh, táirgí iad ina bhfuil tobac nó nicitín, agus a fheidhmíonn mar ionadaithe i gcomhair tobac monaraithe. Mar fhreagairt air sin, tá bearta náisiúnta éagsúla tugtha isteach ag na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis na hionadaithe sin, ionadaithe lena saobhtar an t-iomaíochas agus lena mbaintear an bonn d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Ar mhaithe le cánachas aonfhoirmeach agus cothrom, ba cheart na hionadaithe sin a bheith faoi réir struchtúr comhchuibhithe dleachta máil agus dleachtanna máil íosta comhchuibhithe san Aontas. Tá an Treoir seo gan dochar don cheart atá ag Ballstát catagóir áirithe tobac nó táirgí gaolmhara a thoirmeasc i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Threoir 2014/40/AE[2].

(2a) Tá toirmeasc ar thobac béil mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(8) de Threoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar an margadh de bhun Airteagal 17 den Treoir sin. Le hAirteagal 151 d'Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne, i gcomhar le Cuid X d'Iarscríbhinn XV a ghabhann léi, deonaítear maolú ar an toirmeasc sin don tSualainn agus foráiltear go ndéanfaidh an tSualainn gach beart is gá chun a áirithiú nach gcuirfear tobac béil ar mhargadh na mBallstát eile.

---

1 Treoir 2011/64/AE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2011 maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe (IO L 176, 5.7.2011, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/64/oj)

2 Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE (IO L 127, 29.4.2014, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/40/oj).

(3) Is gá a áirithiú go leanann reachtaíocht fhioscach an Aontais maidir le tobac agus táirgí a bhaineann le tobac d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus, an tráth céanna, de leibhéal ard cosanta sláinte an duine a áirithiú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh tobac agus táirgí a bhaineann le tobac díobháil thromchúiseach a dhéanamh don tsláinte , gur socraíodh mar chuspóir i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa[3] go mbainfí amach Eoraip atá saor ó thobac agus go bhfuil an tAontas ina Pháirtí sa Chreat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Chun an dá chuspóir sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí an trádáil aindleathach tobac a chomhrac, go háirithe allmhairiú aindleathach táirgí tobac agus táirgí a bhaineann le tobac ó thríú tíortha[4]. Tá méadú tagtha ar an tóir atá ar tháirgí nua (leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, tobac monaraithe eile, púitsí nicitín agus táirgí eile nicitín), go háirithe ag daoine óga. Chomh maith leis an riosca bunúsach don tsláinte phoiblí a bhaineann leis na táirgí sin, d'fhéadfaidís an bealach a réiteach i dtreo gnáthnósanna caite tobac.

(4) Ceann amháin de chuspóirí an Chonartha ar an Aontas Eorpach is ea aontas eacnamaíoch a choimeád ar bun, ag a bhfuil saintréithe atá comhchosúil leo sin a bhíonn ag margadh baile, agus ina bhfuil iomaíocht shláintiúil. A mhéid a bhaineann le tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac, má táthar chun an cuspóir sin a bhaint amach táthar ag glacadh leis, i ndáil le cur i bhfeidhm cánacha sna Ballstáit a dhéanann difear do thomhaltas táirgí san earnáil ábhartha, nach saobhtar leis an gcur i bhfeidhm sin dálaí iomaíochta agus nach gcuireann sé bac ar shaorghluaiseacht na dtáirgí sin laistigh den Aontas.

(5) Ba cheart tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac a shainiú chun críocha na Treorach seo, gan dochar don sainmhíniú na dtáirgí sin ar mhaithe lena monarú, a gcur i láthair agus a ndíol laistigh den Aontas a rialáil.

---

3 *Europe's Beating Cancer Plan* [Plean Sáraithe Ailse na hEorpa], COM(2021) 44 final.

4 I gcás na Cipire, an 'líne ghlas' de réir Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal 10 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais (ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2004/866/2015-08-31)

(6) Ba cheart sainmhíniú a thabhairt ar na cineálacha éagsúla tobac monaraithe agus ar na cineálacha éagsúla táirgí a bhaineann le tobac , arna n-idirdhealú de réir a saintréithe agus de réir na caoi a n-úsáidtear iad.

(7) Maidir le rollaí tobac atá inchaite mar atá siad tar éis láimhseáil shimplí, ba cheart a mheas gur toitíní iad chun críoch cánachais aonfhoirmigh ar na táirgí sin .

(8) Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus chun an chalaois a chomhrac, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, tobac eile lena chaitheamh, tobac píopa uisce agus tobac téite.

(9) Ar mhaithe le cánachas aonfhoirmeach agus cothrom, ba cheart sainmhíniú ar thoitíní, todóga agus todóigíní, tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, tobac lena chaitheamh, tobac píopa uisce agus tobac téite a leagan síos freisin chun an méid a leanas a léiriú: rollaí tobac ar féidir a mheas, de réir a bhfad, gur dhá thoitín nó níos mó iad, caitear leo mar dhá thoitín nó níos mó. Mar sin féin, todóga agus todóigíní a bhfuil cosúlachtaí amhairc idir iad agus toitíní, go háirithe mar gheall ar chlúdach páipéir, ba cheart caitheamh leo mar thoitíní. Is mar thobac mínghearrtha a dhéileálfar le tobac lena chaitheamh, ar tobac é atá cosúil ar go leor bealaí le tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh. Is mar thobac píopa uisce a dhéileálfar le tobac is féidir a úsáid i bpíopa uisce. Maidir le tobac a théitear nó a ghníomhachtaítear ar shlí eile trí imoibriú ceimiceach agus atá ceaptha lena ionanálú gan dóchán, is mar thobac téite a dhéileálfar leis. Is mar thobac monaraithe eile a dhéileálfar le tobac eile a ullmhaítear agus a bheartaítear lena thomhailt ag an duine. Chomh maith leis sin, ba cheart dramhaíl tobac a shainiú go soiléir.

(9a) Chun cánachas aonfhoirmeach agus éifeachtach a áirithiú, ba cheart táirgí tobac a aicmiú, ar an gcéad dul síos, sa chatagóir is sonraí agus is oiriúnaí de réir mar a leagtar amach sa Treoir seo. I gcásanna ina bhfuil fíor-éiginnteacht shuntasach ann maidir leis an gcatagóir chánach iomchuí do tháirge, cionn is go dtagann sé faoin sainmhíniú atá ag níos mó ná catagóir amháin, bunaithe ar shaintréithe oibiachtúla agus ar an ngnáthúsáid araon, ba cheart do na Ballstáit an sásra réitigh atá sa Treoir seo a chur i bhfeidhm. Níor cheart an sásra sin a chur i bhfeidhm ach amháin nuair nach féidir le Ballstát le réasún an chatagóir aonair is iomchuí don chánachas a chinneadh.

(10) Is minic a ionadaítear táirgí tobac mhonaraithe le táirgí a bhaineann le tobac lena n-éascaítear iontógáil nicitín isteach i gcorp an duine. Ar mhaithe le cánachas aonfhoirmeach agus cothrom, ba cheart leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, púitsí nicitín agus táirgí eile nicitín a shainiú.

(11) Níor mhór monaróir a shainmhíniú mar dhuine nádúrtha nó dlítheanach a ullmhaíonn tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac nó a chuireann faoi deara táirge den sórt sin a dhearadh nó a mhonarú, agus a mhargaíonn an táirge sin faoina ainm féin nó faoina thrádmharc.

(12) Ar mhaithe le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart dleachtanna máil íosta a shocrú do na catagóirí uile de thobac monaraithe agus de tháirgí a bhaineann le tobac. Ba cheart dleachtanna máil íosta éagsúla a bhunú do gach catagóir tobac agus táirge a bhaineann le tobac chun difríochtaí i saintréithe táirgí agus an chaoi a n-úsáidtear iad a léiriú.

(13) Chun nach dtitfidh sé chun dífheidhmeachta le himeacht ama, ba cheart nuashonrú a dhéanamh, gach 3 bliana, ar íosráta an Aontais a úsáidtear chun an dleacht mháil íosta do gach catagóir táirge a chinneadh, ar bhonn athruithe in innéacs comhchuibhithe de phraghsanna do thomhaltóirí de chuid an Aontais, arna fhoilsiú ag Eurostat. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle, ar cheart di an nuashonrú sin a chinneadh. Le tabhairt na gcumhachtaí cur chun feidhme sin don Chomhairle, cloítear le sainchumais na Comhairle faoi Airteagal 113 CFAE agus léirítear cineál íogair polaitiúil an innéacsaithe.

(14) Chun dáileadh cothrom thionchar na ndleachtanna máil íosta ar fud na mBallstát a áirithiú, tugtar isteach dhá shásra mhalartacha chun íosrátaí dleachta máil a choigeartú leis an Treoir seo. Is féidir le Ballstát a roghnú, ar an leibhéal náisiúnta, coigeartú a dhéanamh de réir innéacs praghasleibhéil gach Ballstáit, arna fhoilsiú ag Eurostat (tacar sonraí PRC_PPP_IND), ar rátaí an Aontais a úsáidtear chun an dleacht mháil íosta le haghaidh gach catagóire a chinneadh, chun a staid eacnamaíoch féin a chur san áireamh. De rogha air sin, is féidir le Ballstát a roghnú, ar an leibhéal náisiúnta, coigeartú a dhéanamh ar rátaí an Aontais a úsáidtear chun an dleacht mháil íosta a chinneadh do gach catagóir trí choigeartú suas seasta 3 % ar a laghad a chur i bhfeidhm. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoina rogha chun na dleachtanna máil íosta a choigeartú ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart an coigeartú a athbhreithniú gach 3 bliana.

(14a) Bheadh ar roinnt Ballstát, an Bhulgáir, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin ina measc, a rátaí dleachta máil náisiúnta i gcás toitíní a mhéadú níos mó ná 2,35 % ar an meán in aghaidh na bliana ón 1 Eanáir 2025, chun forálacha na Treorach seo a chomhlíonadh. Sna cásanna sin, ba cheart idirthréimhsí breise a cheadú do na Ballstáit, ar fhógra a tabhairt don Choimisiún, chun iad féin a oiriúnú go rianúil do leibhéil na dleachta máil foriomláine.

(14b) Na Ballstáit a cháilíonn le haghaidh na n-idirthréimhsí breise do thoitíní, cáilíonn siad freisin le haghaidh idirthréimhsí breise do thobac mínghearrtha a úsáidtear chun toitíní a rolladh chun go mbeidís in ann oiriúnú go rianúil do leibhéil na dleachta máil foriomláine.

(15) Ba cheart a áireamh i struchtúr na dleachta máil ar thoitíní, i dteannta comhpháirt shonrach arna ríomh in aghaidh aonad táirge, comhpháirt chomhréireach atá bunaithe ar an bpraghas miondíola, lena n-áirítear na cánacha ar fad. Tá an éifeacht chéanna ag an gcáin láimhdeachais ar thoitíní agus atá ag dleacht mháil *ad valorem* agus ba cheart an fíoras sin a chur san áireamh agus an cóimheas idir comhpháirt shonrach na dleachta máil agus an muirear cánach iomlán á shocrú.

(16) Gan dochar don struchtúr cánach measctha agus do chéatadán uasta na chomhpháirte sonraí den mhuirear cánach iomlán, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dleacht mháil shonrach nó íosta a thobhach ar thoitíní, chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag íosleibhéal áirithe cánachais ar a laghad ar fud an Aontais.

(17) A mhéid a bhaineann le toitíní, ba cheart dálaí neodracha iomaíochta a a áirithiú do mhonaróirí, ba cheart deighilt na margaí tobac a laghdú agus ba cheart béim a leagan ar na cuspóirí sláinte. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt a bheith in íoscheanglas a bhaineann le praghsanna don mheánphraghas miondíola ualaithe, ach ba cheart íosmhéid airgeadaíochta a bheith infheidhme maidir le gach toitín. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart an meánphraghas miondíola ualaithe a bheith ag fónamh freisin mar thagairt chun tomhas a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le dleacht mháil shonrach laistigh den mhuirear cánach iomlán.

(17a) I gcás sonrach na hUngáire, más rud é, ar bhonn na reachtaíochta náisiúnta atá ann cheana, go bhfuil praghas miondíola toitíní nasctha le híoschorrlach miondíola sainordaitheach, ba cheart leibhéal níos ísle a cheadú chun an t-íoscheanglas a bhaineann le praghas a chomhlíonadh, ós rud é go bhfuil méadú uathoibríoch suntasach ar an mbonn tagartha mar thoradh ar an gcorrlach miondíola sainordaitheach a ndéantar comhlíonadh íoscheanglais a bhaineann le praghas a thomhas ina aghaidh.

(18) Le méid áirithe cóineasaithe ar an leibhéal cánach, chuideofaí le leibhéal ard cosanta do shláinte an duine a áirithiú. Is gné thábhachtach é an leibhéal cánachais i bpraghas táirgí tobac agus táirgí a bhaineann le tobac , rud a imríonn tionchar ar nósanna caite na dtomhaltóirí. Baineann calaois agus smuigleáil an bonn de leibhéil praghsanna de bharr cánach, go háirithe i gcás toitíní agus tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, agus ar an gcaoi sin cuirtear i mbaol baint amach na gcuspóirí rialaithe tobac agus cosanta sláinte.

(19) I bhfianaise a staide sonraí struchtúraí sóisialta agus eacnamaíche, ba cheart don Phortaingéil a bheith in ann ráta laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le toitíní arna ndéanamh ag táirgeoirí mionscála agus arna dtomhailt sna réigiúin is iargúlta de na hAsóir agus de Mhaidéara.

(20) A mhéid a bhaineann le táirgí seachas toitíní, ba cheart luí cánach comhchuibhithe a shocrú le haghaidh gach táirge a bhaineann leis an ngrúpa céanna de thobac monaraithe nó de tháirgí a bhaineann le tobac . Ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, is é is oiriúnaí go socrófaí dleacht mháil íosta fhoriomlán arna sloinneadh mar chéatadán, mar mhéid in aghaidh an chileagraim nó le haghaidh líon áirithe ítimí nó mar mhéid in aghaidh an mhillilítir.

(21) Chun breith ar an ilghnéitheacht atá ann faoi láthair ó thaobh formáidí de thobac téite, is é is oiriúnaí, ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go socrófaí dleacht mháil íosta fhoriomlán arna sloinneadh mar chéatadán, nó mar mhéid in aghaidh an chileagraim nó le haghaidh líon áirithe ítimí.

(22) A mhéid a bhaineann le praghsanna agus leibhéil chánachais, go háirithe i gcás toitíní — arb í an chatagóir is mó go mór de tháirgí tobac í — agus i gcás tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, tá difríochtaí suntasacha fós ann idir na Ballstáit a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú an mhargaidh. Chuideofaí le calaois agus smuigleáil a laghdú laistigh den Aontas ach méid áirithe cóineasaithe a dhéanamh idir na leibhéil chánachais a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit.

(23) A mhéid a bhaineann le tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, ba cheart íoscheanglas Aontais a bhaineann le praghas a shloinneadh ar shlí chun go mbainfear amach éifeachtaí atá ar aon dul leis na héifeachtaí i réimse na dtoitíní agus ba cheart an meánphraghas miondíola ualaithe a úsáid mar an pointe tagartha.

(24) Ba cheart an dleacht mháil íosta le haghaidh tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh a thabhairt níos gaire don dleacht mháil íosta is infheidhme maidir le toitíní, ionas gur fearr a chuirtear san áireamh an méid iomaíochta atá ann idir an dá tháirge, arna léiriú sna patrúin tomhaltais a fheictear, chomh maith leis an nádúr chomh díobhálach céanna atá iontu a chur san áireamh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart dleachtanna máil íosta do thodóga, do thodóigíní agus do thobac eile lena chaitheamh a mhéadú chun an bhearna leis an ráta toitíní a laghdú chun cóineasú de réir a chéile a bhaint amach idir táirgí agus chun an riosca a bhaineann le hionadú táirgí a íoslaghdú. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit dleacht mháil íosta éagsúil a shocrú do thodóga agus todóigíní, ionas go gcuirtear san áireamh saintréithe sonracha a mhargaí féin.

(25) A mhéid a bhaineann le tobac píopa uisce, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit dleacht mháil íosta a shocrú atá níos ísle ná an dleacht mháil íosta do thobac eile lena chaitheamh, ionas go gcuirtear san áireamh saintréithe sonracha mhargadh an tobac píopa uisce.

(26) Chun dálaí neodracha iomaíochta a bheith ann in earnáil an tobac, is gá freisin na híosleibhéil chánach a shocrú le haghaidh tobac píopa uisce, tobac téite agus tobac monaraithe eile. Ar an gcúis chéanna, ba cheart íosleibhéil chánach a shocrú freisin do tháirgí a bhaineann le tobac ar féidir iad a mheas mar ionadaithe do tháirgí tobac ó thaobh cúrsaí fioscacha de.

(27) Ba cheart leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh, a bheith faoi réir dleacht mháil íosta, chun aon ualach riaracháin breise a sheachaint agus chun seachaint cánach a chosc trí mheascáin ‘déan féin é’.

(28) Ní foláir nach ndéanfar, mar thoradh ar chomhchuibhiú na struchtúr dleachtanna máil, go háirithe, saobhadh ar iomaíocht idir na catagóirí éagsúla de thobac monaraithe agus de tháirgí a bhaineann le tobac atá bainteach leis an ngrúpa céanna trí na héifeachtaí a thagann den cháin a ghearradh agus, dá bhrí sin, go ndéanfar margaí náisiúnta na mBallstát a oscailt.

(29) I bhfianaise na rátaí éagsúla dleachta máil is infheidhme sna Ballstáit, ba cheart idirthréimhsí a leagan síos chun go mbeidh na Ballstáit in ann oiriúnú go rianúil do leibhéil na dleachta máil foriomláine, agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh, agus ar an gcaoi sin teorainn a chur le fo-éifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann.

(30) Chun atreorú tobac amh chuig monarú aindleathach agus imghabháil cánach dá bharr a chosc, ba cheart tobac amh a bheith faoi réir dleacht mháil íosta. Dá bhrí sin is gá tobac amh a shainmhíniú. Ísráta nialasach i gcás na dleachta máil a shocrú le haghaidh tobac amh, is beart é sin atá comhréireach leis an gcuspóir aghaidh a thabhairt ar imghabháil cánach agus calaois chánach agus seachnaítear cánachas dúbailte leis.

(31) Ag éirí as riachtanais phráinneacha na hiomaíochta tugtar le tuiscint go mbeidh córas ann lena mbunaítear praghsanna faoi shaoirse le haghaidh na ngrúpaí go léir de thobac monaraithe agus de tháirgí a bhaineann le tobac. Dá bhrí sin, i gcás monaróirí, a gcuid ionadaithe agus a gcuid gníomhairí san Aontas, ba cheart cead a bheith acu an t-uasphraghas miondíola a chinneadh faoi shaoirse le haghaidh gach Ballstáit ina bhfuil na táirgí atá i gceist le scaoileadh lena dtomhailt .

(32) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit díolúintí a dheonú ó dhleacht mháil nó aisíocaíochtaí dleachta máil a dhéanamh i leith tobac amh, cineálacha áirithe de thobac monaraithe agus de tháirgí a bhaineann le tobac ag brath ar an úsáid a bhaintear astu.

(33) Chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún tuarascálacha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar bhonn rialta maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, ar tuarascálacha iad ina ndéantar scrúdú go háirithe ar leibhéil chánachais agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, an tsláinte phoiblí, fíorluach na rátaí dleachta máil, agus an difríocht idir ioncaim mháil atá dlite agus ioncaim mháil atá bailithe á gcur san áireamh.

(34) Chun a áirithiú go mbeidh dálaí aonfhoirmeacha ann maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide atá ar na Ballstáit faisnéis a thíolacadh, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun liosta a chinneadh de na sonraí staidrimh atá le soláthar ag na Ballstáit agus atá ag teastáil le haghaidh na tuarascála ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

[5] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(35) Ba cheart don Choimisiún an Treoir seo a athbhreithniú, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar Threoir 2014/40/AE (an Treoir um Tháirgí Tobac) á chur san áireamh.

(36) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis na Treoracha a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid chun na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar na Treoracha a bhí ann roimhe seo.

(37) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid B, a ghabhann le Treoir 2011/64/AE, a thrasuí sa dlí náisiúnta agus maidir le dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

ÁBHAR

Airteagal 1

1. Leis an Treoir seo leagtar síos rialacha ginearálta maidir le comhchuibhiú struchtúr agus rátaí na dleachta máil ar faoina réir a chuireann na Ballstáit tobac amh, tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac.

2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le tobac béil, dá dtagraítear i mír (a) de Chuid X d'Iarscríbhinn XV d'Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne.

CAIBIDIL 2

SAINMHÍNITHE

Airteagal 2

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn 'tobac monaraithe':

   (a) toitíní;

   (b) todóga agus todóigíní

   (c) tobac lena chaitheamh:

      (i) tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh;

      (ii) tobac eile lena chaitheamh;

(d) tobac píopa uisce

(e) tobac téite;

(f) tobac monaraithe eile.

2. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘táirgí a bhaineann le tobac’:

(a) leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha;

(b) púitsí nicitín;

(c) táirgí eile nicitín.

3. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘tobac amh’ aon chineál tobac bhuainte nach tobac monaraithe é.

4. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘nicitín’ gach cineál nicitín lena n-áirítear nicitín sintéiseach agus a analóga.

5. Táirgí nach bhfuil tobac ar bith iontu agus a úsáidtear go heisiach chun críoch míochaine, ní dhéileálfar leo mar thobac monaraithe ná mar tháirgí a bhaineann le tobac.

6. D’ainneoin fhorálacha an Aontais atá ann cheana, beidh na sainmhínithe dá dtagraítear in Airteagail 3 go 10 gan dochar do roghnú an chórais ná don leibhéal cánachais a mbeidh feidhm acu maidir leis na grúpaí éagsúla táirgí dá dtagraítear sa Treoir seo.

Airteagal 3

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘toitíní’:

   (a) rollaí tobac atá inchaite mar atá siad trí phróiseas dócháin agus nach todóga ná todóigíní iad;

   (b) rollaí tobac a chuirtear isteach i bhfeadáin páipéir toitíní, trí láimhsiú simplí neamhthionsclaíoch; nó

   (c) rollaí tobac a fhilltear i bpáipéar toitíní, trí láimhsiú simplí neamhthionsclaíoch.

2. Chun críoch na Treorach seo, ciallaíonn ‘rolla tobac’ 2 thoitín más rud é, gan scagaire nó béalóg a áireamh, gur faide ná 8 cm agus nach faide ná 11 cm an rolla tobac, 3 thoitín más rud é, gan scagaire nó béalóg a áireamh, gur faide é ná 11 cm agus nach faide é ná 14 cm, agus mar sin de.

3. Is mar thoitíní a dhéileálfar le táirgí arb é atá iontu go hiomlán nó go páirteach substaintí seachas tobac ach ar substaintí iad a thagann ar shlí eile faoin sainmhíniú a leagtar amach i mír 1.

Airteagal 4

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘todóga’ nó ‘todóigíní’ iad seo a leanas, más féidir, i bhfianaise a n-airíonna agus na ngnáthionchas tomhaltóra a bhaineann leo, iad a chaitheamh mar atá siad trí phróiseas dócháin:

   (a) rollaí tobac ar a bhfuil fillteán forimeallach de thobac nádúrtha a chumhdaíonn an táirge ina iomláine, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an scagaire, ach gan aon chiseal eile orthu lena gcumhdaítear an fillteán forimeallach go páirteach; maidir le todóga ar a bhfuil bioranna, ní chumhdóidh an fillteán forimeallach an bior;

(b) rollaí tobac ag a bhfuil líontóir cumaisc buailte agus fillteán forimeallach de thobac athdhéanta, ar a bhfuil gnáthdhath todóige, agus a chumhdaíonn an táirge ina iomláine, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an scagaire ach nach gcumhdaíonn, i gcás todóga ar bhfuil bioranna, an scagbhior, i gcás nach lú an t-aonadmheáchan, gan scagaire nó béalóg a áireamh, ná 2,3 g agus nach mó é ná 10 g, agus nach giorra an imlíne ná 34 mm thar aon trian dá fhad ar a laghad.

2. Is mar thodóga nó todóigíní a dhéileálfar le táirgí arb é atá iontu go páirteach substaintí seachas tobac ach ar substaintí iad a thagann ar shlí eile faoin sainmhíniú a leagtar amach i mír 1.

3. Is mar thoitíní a dhéileálfar le táirgí a thagann faoin sainmhíniú a leagtar amach i mír 1, a bhfuil cosúlachtaí amhairc eatarthu agus toitíní, go háirithe clúdach páipéir.

Airteagal 5

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘tobac lena chaitheamh’:

(a) tobac a gearradh nó atáthar ar shlí eile tar éis a scoilteadh, a chasadh nó a bhrú ina bhloic agus ar féidir é a chaitheamh trí phróiseas dócháin gan tuilleadh próiseáil thionsclaíoch;

(b) iarmhar tobac a chuirtear ar miondíol, nach dtagann faoi Airteagal 3(1), Airteagal 4(1), Airteagal 6(1) agus Airteagal 7 agus ar féidir é a chaitheamh.

1.a Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘iarmhar tobac’ fuílligh duilleog tobac agus seachtháirgí a fhaightear ó phróiseáil tobac nó ó mhonarú táirgí tobac.

2. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh’ tobac lena chaitheamh a bhfuil leithead gearrtha níos lú ná 1,5 mm ag níos mó ná sciar 25 % de na cáithníní tobac ann, de réir meáchain.

Féadfaidh na Ballstáit a mheas freisin gur tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh é tobac lena chaitheamh a bhfuil leithead gearrtha níos lú ná 1,5 mm ag níos mó ná sciar 25 % de na cáithníní tobac ann, de réir meáchain, agus a díoladh nó a beartaíodh lena dhíol chun toitíní a rolladh.

3. Is mar thobac lena chaitheamh a dhéileálfar le táirgí arb é atá iontu go hiomlán nó go páirteach substaintí seachas tobac ach ar substaintí iad a thagann ar shlí eile faoin sainmhíniú a leagtar amach i mír 1.

Airteagal 6

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘tobac píopa uisce’ tobac ar féidir é a úsáid i bpíopa uisce chun astaíochtaí a tháirgeadh a théann trí leacht sula ndéanann na húsáideoirí na hastaíochtaí a ionanálú.

2. Is mar thobac píopa uisce a dhéileálfar le táirgí arb é atá iontu go hiomlán nó go páirteach substaintí seachas tobac ach ar substaintí iad a thagann ar shlí eile faoin sainmhíniú a leagtar amach i mír 1.

Airteagal 7

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘tobac téite’ tobac a théitear nó a ghníomhachtaítear ar shlí eile trí imoibriú ceimiceach nó trí mhodh éigin eile gan é a dhó chun astaíocht a tháirgeadh ina bhfuil nicitín nó ceimiceáin eile, agus atá beartaithe lena hionanálú ag úsáideoir.

2. I gcás ina ngearrtar cáin ar thobac téite in aghaidh na hítime i gcomhréir le hAirteagal 20(1), pointe (b), measfar chun críoch dleachta máil, gur dhá ítim atá in ítim tobac téite i gcás ina bhfuil an cion tobac níos airde ná 0,45 gram ach nach bhfuil sé níos airde ná 0,75 gram, gur trí ítim í i gcás ina bhfuil an cion tobac níos airde ná 0,75 gram ach nach bhfuil sé níos airde ná 1,05 gram, agus mar sin de.

3. Is mar thobac téite a dhéileálfar le táirgí arb é atá iontu go hiomlán nó go páirteach substaintí seachas tobac ar substaintí iad a thagann ar shlí eile faoin sainmhíniú a leagtar amach i mír 1, seachas leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha.

Airteagal 7a

In imthosca ina gcinneann Ballstát, i bhfianaise a n-airíonna agus gnáthionchais tomhaltóirí, go dtagann táirge faoin sainmhíniú ar níos mó ná catagóir amháin táirge mar a shainmhínítear in Airteagail 3, 4, 5, 6 agus 7 den Treoir seo, déileálfar leis na táirgí sin mar a leanas:

1. Is mar thoitíní a dhéileálfar le táirgí a thagann faoi na sainmhínithe ar thoitíní agus ar thobac lena chaitheamh araon.

2. Is mar thodóga nó todóigíní a dhéileálfar le táirgí a thagann faoi na sainmhínithe ar thodóga nó ar thodóigíní araon agus ar thobac lena chaitheamh.

3. Is mar thobac píopa uisce a dhéileálfar le táirgí a thagann faoi na sainmhínithe ar thobac píopa uisce agus ar thobac lena chaitheamh araon.

4. Is mar thobac téite a dhéileálfar le táirgí a thagann faoi na sainmhínithe ar thobac téite agus ar thoitíní araon.

5. Is mar thobac téite a dhéileálfar le táirgí a thagann faoi na sainmhínithe ar thobac téite agus ar thodóga nó todóigíní araon.

6. Is mar thobac téite a dhéileálfar le táirgí a thagann faoi na sainmhínithe ar thobac téite agus ar thobac lena chaitheamh araon.

Airteagal 8

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘tobac monaraithe eile’ táirgí ina bhfuil tobac agus a ullmhaítear agus a bheartaítear lena dtomhailt ag an duine, seachas toitíní, todóga agus todóigíní, tobac lena chaitheamh, tobac píopa uisce, agus tobac téite.

2. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘táirgí ina bhfuil tobac agus a ullmhaítear agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine’ táirgí ina bhfuil tobac, trí láimhseáil shimplí neamhthionsclaíoch, inar féidir nicitín a sholáthar lena iontógáil isteach i gcorp an duine nó inar féidir an iontógáil sin a éascú.

Airteagal 9

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha’ aon cheann díobh seo a leanas:

   (a) leachtanna ina bhfuil nicitín agus ar féidir iad a úsáid i dtoitíní leictreonacha nó i ngairis ghalaithe dá samhail nó chun toitíní leictreonacha nó gairis ghalaithe dá samhail a athlíonadh;

   (b) leachtanna nach bhfuil nicitín iontu agus a bheartaítear a úsáid i dtoitíní leictreonacha nó i ngairis ghalaithe dá samhail nó chun toitíní leictreonacha nó gairis ghalaithe dá samhail a athlíonadh.

2. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘toitín leictreonach’ táirge is féidir a úsáid chun gal a chaitheamh, nó aon chomhpháirt den táirge sin is féidir a bheith indiúscartha nó in-athlíonta, nó atá in-athluchtaithe.

Airteagal 10

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘púitsí nicitín’ táirgí ina bhfuil nicitín atá beartaithe lena iontógáil ó bhéal agus snáithíní plandaí nó substráit choibhéiseach, a chuirtear i láthair i gcodanna saicín nó i saicíní póiriúla nó i bhformáid choibhéiseach agus nach bhfuil tobac iontu.

2. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘táirgí eile nicitín’ táirgí lena dtomhailt ag an duine, ina bhfuil nicitín agus nach bhfuil tobac iontu, ar táirgí iad ar féidir a úsáid chun nicitín a iontógáil i gcorp an duine, seachas púitsí nicitín agus leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha.

Airteagal 11

Chun críche na Treorach seo, ciallaíonn ‘monaróir’ duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a dhéanann táirge a mhonarú nó a chuireann faoi deara an táirge sin a dhearadh nó a mhonarú, agus a chuireann an táirge sin ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc.

CAIBIDIL 3

RÍOMH NA DLEACHTA MÁIL AR THOBAC MONARAITHE AGUS AR THÁIRGÍ A BHAINEANN LE TOBAC

Airteagal 12

Maidir le luach carnach na dleachta sonraí nó na dleachta *ad valorem* nó an dá rud, gan CBL a áireamh (‘dleacht mháil fhoriomlán’) ar thobac monaraithe agus ar tháirgí a bhaineann le tobac, áiritheoidh gach Ballstát go n-urramóidh an luach sin na dleachtanna máil íosta a leagtar síos in Airteagal 16, Airteagal 20(2) agus Airteagal 22(2) agus (5).

I gcomhréir le hAirteagail 12a agus 12b, déanfar coigeartú gach 3 bliana ar na dleachtanna máil íosta is infheidhme sna Ballstáit maidir le tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac a leagtar síos in Airteagal 16, Airteagal 20(2) agus Airteagal 22(2) agus (5).

Airteagal 12a

1. Ón 1 Eanáir 2035, déanfar ráta an Aontais a úsáidtear chun dleacht mháil íosta táirge a chinneadh, dá bhforáiltear in Airteagal 16, Airteagal 20(2) agus Airteagal 22(2) agus (5), a choigeartú trí mhéadú nó laghdú a chur ar an mbonnmhéid in euro de réir an athraithe céatadáin ar mheánluach bliantúil Aontais mhíreanna uile de chuid an innéacs chomhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí arna fhoilsiú ag Eurostat arna thomhas le linn na 3 bliana féilire díreach roimh an mbliain roimhe sin.

2. Chun coigeartú ráta an Aontais a leagtar síos i mír 1 a ríomh, beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas, ag glacadh leis gurb é b an chéad bhliain ina mbeidh feidhm ag an ráta coigeartaithe:

$$Ráta\ an\ Aontais_b = \left[\frac{\mathrm{ICPT}_{b-2}}{\mathrm{ICPT}_{b-5}}\right] \times Ráta\ an\ Aontais_{b-3}$$

2a. Déanfaidh an Chomhairle an cinneadh ráta an Aontais a choigeartú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Tíolacfaidh an Coimisiún an chéad togra faoin 1 Eanáir 2034 chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm é ón 1 Eanáir 2035, agus tíolacfaidh sé tograí breise gach 3 bliana ina dhiaidh sin. Agus cinneadh á dhéanamh ag an gComhairle maidir le cinneadh a ghlacadh lena gcoigeartófaí ráta an Aontais, cuirfidh sí san áireamh forbairtí eacnamaíocha foriomlána chomh maith leis an ngá atá le dleachtanna máil chun tomhaltas tobac mhonaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac a dhíspreagadh.

Airteagal 12b

1. Ón 1 Iúil 2028 ar aghaidh, is é seo a leanas an chuid den íosráta arna sloinneadh mar mhéid in aghaidh an chileagraim, in aghaidh an mhillilítir, nó in aghaidh líon áirithe ítimí is infheidhme i mBallstát:

   (a) suim aon trian de ráta an Aontais don chatagóir chomhfhreagrach arna iolrú faoin innéacs praghasleibhéil arna roinnt ar chéad móide dhá thrian de ráta an Aontais don chatagóir chomhfhreagrach. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn innéacs praghasleibhéil an t-innéacs a fhoilsíonn Eurostat agus ina sloinntear an praghasleibhéal i mBallstát ar leith le haghaidh tomhaltas aonair iarbhír i gcoibhneas le meán ualaithe an Aontais. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an innéacs praghasleibhéil don bhliain a thagann díreach roimh an mbliain atá i gceist; nó

   (b) suim ráta an Aontais agus ráta an Aontais don chatagóir chomhfhreagrach arna iolrú faoi 3 %. Chun críocha na foirmle seo, déanfar ráta an Aontais a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12a.

2. Chun an coigeartú dá dtagraítear i mír 1(a) a ríomh, cuirfidh na Ballstáit an fhoirmle seo a leanas i bhfeidhm, ag glacadh leis gurb é b an chéad bhliain ina mbeidh feidhm ag an ráta coigeartaithe:

$$\text{Íosráta Infheidhme an Bhallstáit} = \left(\frac{1}{3} \times \text{Ráta an Aontais}_{\boldsymbol{b}} \times \frac{\text{Innéacs Praghasleibhéil an Bhallstáit}_{\,b-2}}{100}\right) + \left(\frac{2}{3} \times \text{Ráta an Aontais}_{\boldsymbol{b}}\right)$$

2a. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina rogha rátaí íosta a choigeartú i gcomhréir le mír 1(a) nó (b), 4 mhí ar a laghad sula nglacfar é.

2b. `Beidh feidhm ag an rogha a dhéanfaidh na Ballstáit i gcomhréir le mír 1 maidir le gach coigeartú 3 bliana ina dhiaidh sin, mura gcuirfidh an Ballstát a mhalairt in iúl don Choimisiún, 4 mhí ar a laghad sula nglacfar é.

3. De mhaolú ar Airteagal 12, le linn na n-idirthréimhsí a leagtar amach in Airteagal 16(3) go (6), Airteagal 20(4) agus (5), Airteagal 22(3) agus (4) agus Airteagal 22(6) agus (7), déanfar na dleachtanna máil íosta is infheidhme sna Ballstáit maidir le tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac a choigeartú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

4. De mhaolú ar Airteagal 12, le linn na n-idirthréimhsí a leagtar amach in Airteagal 16a, déanfar na dleachtanna máil íosta is infheidhme sna Ballstáit le haghaidh toitíní a choigeartú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Airteagal 12c

1. Maidir leis an dleacht mháil fhoriomlán ar thobac monaraithe agus ar tháirgí a bhaineann le tobac, ón 1 Iúil 2028 ar aghaidh, áiritheoidh gach Ballstát go n-urramófar leo na híosleibhéil chánach a shonraítear in Airteagal 16, Airteagal 20(2) agus Airteagal 22(2) agus (5) arna gcoigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12b.

2. Maidir leis an dleacht mháil fhoriomlán ar thobac monaraithe agus ar tháirgí a bhaineann le tobac, ón 1 Eanáir 2035, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, áiritheoidh gach Ballstát go n-urramófar leo na híosleibhéil chánach a shonraítear in Airteagal 16, Airteagal 20(2) agus Airteagal 22(2) agus (5) arna gcoigeartú, ar an gcéad dul síos i gcomhréir le hAirteagal 12a agus ansin le hAirteagal 12b.

CAIBIDIL 4

FORÁLACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE TOITÍNÍ

Airteagal 13

1. Beidh toitíní arna monarú san Aontas agus na toitíní sin a allmhairítear ó thríú tíortha faoi réir dleacht mháil *ad valorem* arna ríomh ar an uasphraghas miondíola, lena n-áirítear dleachtanna custaim, agus beidh siad faoi réir dleacht mháil shonrach arna ríomh in aghaidh aonad táirge freisin.

   Féadfaidh na Ballstáit dleachtanna custaim a eisiamh ón mbonn ar dá réir a ríomhtar an dleacht mháil *ad valorem* ar thoitíní.

2. Beidh ráta na dleachta máil *ad valorem* agus méid na dleachta máil sonraí mar an gcéanna le haghaidh na dtoitíní go léir.

3. Ag an gcéim dheiridh de chomhchuibhiú na struchtúr, socrófar i ngach Ballstát an cóimheas céanna le haghaidh toitíní idir an dleacht mháil shonrach agus suim na dleachta máil *ad valorem* agus na cánach láimhdeachais, ionas go léirítear go cothrom le raon na bpraghsanna miondíola an difríocht i bpraghsanna seachadta na monaróirí.

4. Féadfaidh na Ballstáit dleacht mháil íosta a thobhach ar thoitíní, ar choinníoll go n-urramófar struchtúr measctha an chánachais agus banda na comhpháirte sonraí den dleacht mháil dá dtagraítear in Airteagal 14.

Airteagal 14

1. Maidir le céatadán na comhpháirte sonraí den dleacht mháil i méid an mhuirir cánach iomláin ar thoitíní, socrófar é trí thagairt a dhéanamh don mheánphraghas miondíola ualaithe.

2. Ríomhfar an meánphraghas miondíola ualaithe faoi threoir luach iomlán na dtoitíní uile a scaoiltear lena dtomhailt, ar bhonn an phraghais miondíola lena n-áirítear gach cáin, arna roinnt ar chainníocht iomlán na dtoitíní a scaoiltear lena dtomhailt. Cinnfear é faoin 1 Márta ar a dhéanaí gach bliain ar bhonn sonraí a bhaineann le gach scaoileadh toitíní lena dtomhailt dá leithéid a rinneadh sa bhliain féilire roimhe sin.

3. An chomhpháirt shonrach den dleacht mháil ar thoitíní, ní bheidh sé níos lú ná 7,5 % agus ní bheidh sé níos lú ná 76,5 % de mhéid an mhuirir cánach iomláin a fhaightear mar thoradh ar na nithe seo a leanas a chomhiomlánú:

   (a) dleacht mháil shonrach;

   (b) an dleacht mháil *ad valorem* agus an CBL a thoibhítear ar an meánphraghas miondíola ualaithe.

4. I gcás ina dtarlóidh athrú ar mheánphraghas miondíola ualaithe na dtoitíní i mBallstát, agus ar an gcaoi sin ina ndéanfar comhpháirt shonrach na dleachta máil, arna sloinneadh mar chéatadán den mhuirear cánach iomlán, a ísliú faoi leibhéal 7,5 % nó a ardú os cionn leibhéal 76,5 % den mhuirear cánach iomlán, féadfaidh na Ballstáit staonadh ó mhéid na dleachta sonraí a choigeartú go dtí an 1 Eanáir den dara bliain tar éis na bliana ina dtarlaíonn an t-athrú.

Airteagal 15

1. Cuirfidh na Ballstáit dleacht mháil íosta i bhfeidhm ar thoitíní i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear in Airteagail 13 go 17.

2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir leis na cánacha a dhéantar, de bhun Airteagail 13 go 17, a thobhach ar thoitíní agus ina bhfuil:

   (a) dleacht mháil shonrach in aghaidh aonad táirge;

   (b) dleacht mháil *ad valorem* arna ríomh ar bhonn an uasphraghais miondíola; agus

   (c) CBL atá comhréireach leis an bpraghas miondíola.

Airteagal 16

1. Maidir leis an dleacht mháil fhoriomlán ar thoitíní, beidh sé ina sciar 60 % ar a laghad de mheánphraghas miondíola ualaithe na dtoitíní a scaoiltear lena dtomhailt. Ní bheidh an dleacht mháil fhoriomlán sin níos lú ná ráta an Aontais, arb é atá ann EUR 200 in aghaidh an 1 000 toitín arna choigeartú i comhréir le hAirteagal 12, gan beann ar an meánphraghas miondíola ualaithe.

2. Mar sin féin, na Ballstáit a thoibhíonn dleacht mháil atá ar a laghad chomh hard céanna le ráta an Aontais arb é atá ann EUR 255 in aghaidh an 1 000 toitín, arna choigeartú de réir Airteagal 12, ar bhonn an mheánphraghais miondíola ualaithe, ní gá dóibh comhlíonadh a dhéanamh ar an gceanglas maidir le dleacht mháil fhoriomlán 60 % den mheánphraghas miondíola ualaithe toitíní a scaoiltear lena dtomhailt a leagtar amach i mír 1.

3. De mhaolú ar mhír 1, ón 1 Iúil 2028 go dtí an 31 Nollaig 2029, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rátaí dleachta máil dar méid ar a laghad EUR 140 in aghaidh an 1 000 ítim, lena n-áirítear na cánacha uile a ghearrtar ar thoitíní.

4. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Iúil 2028 go dtí an 31 Nollaig 2029, na Ballstáit a thoibhíonn dleacht mháil atá ar a laghad chomh hard céanna le ráta an Aontais arb é atá ann EUR 177 in aghaidh an 1 000 toitín, ar bhonn an mheánphraghais miondíola ualaithe, ní gá dóibh comhlíonadh a dhéanamh ar an gceanglas maidir le dleacht mháil fhoriomlán 60 % den mheánphraghas miondíola ualaithe toitíní a scaoiltear lena dtomhailt a leagtar amach i mír 1.

5. De mhaolú ar mhír 1, ón 1 Eanáir 2030 go dtí an 31 Nollaig 2031, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rátaí dleachta máil dar méid ar a laghad EUR 170 in aghaidh an 1 000 ítim, lena n-áirítear na cánacha uile a ghearrtar ar thoitíní.

6. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Eanáir 2030 go dtí an 31 Nollaig 2031, na Ballstáit a thoibhíonn dleacht mháil atá ar a laghad chomh hard céanna le ráta an Aontais arb é atá ann EUR 215 in aghaidh an 1 000 toitín, ar bhonn an mheánphraghais miondíola ualaithe, ní gá dóibh comhlíonadh a dhéanamh ar an gceanglas maidir le dleacht mháil fhoriomlán 60 % den mheánphraghas miondíola ualaithe toitíní a scaoiltear lena dtomhailt a leagtar amach sa chéad fhomhír den Airteagal seo.

7. De mhaolú ar mhír 2, ní gá don Ungáir an ceanglas maidir le dleacht mháil fhoriomlán 60 % de mheánphraghas miondíola ualaithe na dtoitíní a scaoiltear lena dtomhailt agus a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh, ar choinníoll go dtoibhíonn an Ungáir dleacht mháil dar méid arb ionann ar a laghad é agus ráta an Aontais arb é atá ann EUR 230 in aghaidh an 1000 toitín, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12.

   Beidh feidhm ag an maolú seo ón 1 Eanáir 2032 ar choinníoll gurb ionann an corrlach miondíola sainordaitheach atá nasctha leis an bpraghas miondíola agus 13 % ar a laghad de phraghas miondíola na dtoitíní.

Airteagal 16a

1. De mhaolú ar Airteagal 16, i gcás na mBallstát a mbeadh orthu a rátaí dleachta máil náisiúnta le haghaidh toitíní a mhéadú níos mó ná 2,35 % ar an meán in aghaidh na bliana ón 1 Eanáir 2025 chun forálacha Airteagal 16 míreanna 1 agus 2 a chomhlíonadh, féadfaidh siad a chinneadh síneadh a chur leis an tréimhse ama a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 16 go dtí an 31 Nollaig 2031 agus an tréimhse ama a leagtar amach i míreanna 5 agus 6 d'Airteagal 16 a chur siar agus a shíneadh ón 1 Eanáir 2032 go dtí an 31 Nollaig 2035.

2. Na Ballstáit a chinnfidh tréimhsí ama a chur siar nó a shíneadh i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi roimh ré.

3. Ón 1 Eanáir 2036, áiritheoidh na Ballstáit a bhaineann leas as an maolú a leagtar amach i mír 1 go bhfuil an ráta dleachta máil íosta a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Airteagal 16, toisc go ndéanfaí é a choigeartú i gcomhréir le hAirteagail 12, 12a agus 12b.

Airteagal 17

1. I gcás ina dtiocfaidh athrú ar mheánphraghas miondíola ualaithe na dtoitíní i mBallstát, agus ar an gcaoi sin ina dtabharfar an dleacht mháil fhoriomlán faoi bhun na leibhéal a shonraítear in Airteagal 16, an chéad mhír, an chéad abairt, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann staonadh ón dleacht sin a choigeartú go dtí an 1 Eanáir den dara bliain tar éis na bliana ina dtarlóidh an t-athrú.

2. I gcás ina méadóidh Ballstát ráta CBL toitíní, féadfaidh sé an dleacht mháil fhoriomlán a laghdú faoi mhéid nach mó ná suim atá, agus é á sloinneadh mar chéatadán den mheánphraghas miondíola ualaithe, cothrom leis an méadú ar ráta CBL, agus é sin á shloinneadh freisin mar chéatadán den mheánphraghas miondíola ualaithe, fiú más é an éifeacht a bhíonn leis an gcoigeartú sin laghdú a chur ar an dleacht mháil fhoriomlán go dtí leibhéal atá níos ísle ná na leibhéil arna sloinneadh mar chéatadán den mheánphraghas miondíola ualaithe, a leagtar síos in Airteagal 16, mír 1, an chéad abairt.

Mar sin féin, cuirfidh an Ballstát ardú ar an dleacht sin arís chun go sroichfear na leibhéil sin ar a laghad faoin 1 Eanáir den dara bliain tar éis na bliana inar tharla an laghdú.

Airteagal 18

Féadfaidh an Phortaingéil ráta laghdaithe atá suas le sciar 50 % níos lú ná an ráta a leagtar síos in Airteagal 16 a chur i bhfeidhm maidir le toitíní a thomhlaítear sna réigiúin is iargúlta de na hAsóir agus de Mhaidéara, agus atá déanta ag monaróirí mionscála nach mó a méid táirgeachta ná 500 tona.

CAIBIDIL 5

FORÁLACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE TOBAC MONARAITHE SEACHAS TOITÍNÍ

Airteagal 19

Tobac monaraithe, seachas toitíní, a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear ó thríú tíortha, beidh sé faoi réir dleacht mháil íosta i ngach Ballstát mar a leagtar síos in Airteagal 20.

Airteagal 20

1. Cuirfidh na Ballstáit dleacht mháil i bhfeidhm ar thobac monaraithe seachas toitíní arb éard a d'fhéadfadh a bheith inti:

   (a) dleacht *ad valorem* arna ríomh ar bhonn uasphraghas miondíola gach táirge, arna cinneadh faoi shaoirse ag monaróirí atá bunaithe san Aontas agus ag allmhaireoirí ó thríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 24; nó

(b) dleacht shonrach arna sloinneadh mar mhéid in aghaidh an chileagraim nó, de rogha air sin i gcás todóg agus todóigíní agus tobac téite, le haghaidh líon ítimí ar leith; nó

(c) meascán den dá rud, lena gcomhcheanglaítear eilimint *ad valorem* agus eilimint shonrach.

I gcás ina mbíonn an dleacht mháil de chineál *ad valorem* nó measctha, féadfaidh na Ballstáit íosmhéid dleachta máil a shocrú.

2. An dleacht mháil fhoriomlán, arna sloinneadh mar chéatadán, mar mhéid in aghaidh an chileagraim nó le haghaidh líon ítimí ar leith, beidh sí coibhéiseach ar a laghad, leis na rátaí nó na híosmhéideanna a leagtar síos le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a)	todóga agus todóigíní	:	sciar 30 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 80 in aghaidh an 1 000 ítim nó in aghaidh an chileagraim arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;
(b)	tobac lena chaitheamh		
(i)	tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh	:	sciar 60 % den mheánphraghas miondíola ualaithe ar thobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh a scaoiltear lena dtomhailt, nó ráta an Aontais, arb é atá ann EUR 180 in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;
(ii)	tobac eile lena chaitheamh	:	sciar 50 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 143 in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;

(c)	tobac píopa uisce	:	sciar 50 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 107 in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;
(d)	tobac téite	:	sciar 55 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 240 in aghaidh an chileagraim, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 80 in aghaidh an 1000 ítim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;
(e)	tobac monaraithe eile	:	sciar 50 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 143 in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12.

Ríomhfar an meánphraghas miondíola ualaithe faoi threoir luach iomlán an tobac mhínghearrtha chun toitíní a rolladh a scaoiltear lena dtomhailt, ar bhonn an phraghais miondíola lena n-áirítear gach cáin, arna roinnt ar chainníocht iomlán an tobac mhínghearrtha chun toitíní a rolladh a scaoiltear lena dtomhailt. Cinnfear é faoin 1 Márta ar a dhéanaí gach bliain ar bhonn sonraí a bhaineann le gach scaoileadh toitíní lena dtomhailt dá leithéid a rinneadh sa bhliain féilire roimhe sin.

3. Beidh feidhm ag na rátaí nó na méideanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 maidir le gach táirge a bhaineann leis an ngrúpa lena mbaineann de thobac monaraithe, gan idirdhealú i ngach grúpa maidir le cáilíocht, cur i láthair, tionscnamh na dtáirgí, na hábhair a úsáideadh, saintréithe na ngnólachtaí atá i gceist ná aon chritéar eile.

3(a). De mhaolú ar mhír 3, i gcás todóg agus todóigíní, i gcás ina mbíonn an dleacht mháil de chineál *ad valorem* nó measctha, féadfaidh na Ballstáit íosmhéid éagsúil dleachta máil a bhunú le haghaidh todóg nó todóigíní.

4. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Iúil 2028 go dtí an 31 Nollaig 2029, áiritheoidh na Ballstáit gurb é a bheidh sna rátaí dleachta máil na méideanna seo a leanas ar a laghad:

(i) sciar 5 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 12 in aghaidh an 1 000 ítim nó an chileagraim le haghaidh todóg agus todóigíní;

(ii) sciar 50 % den mheánphraghas miondíola ualaithe lena n-áirítear gach cáin nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 120 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh;

(iii) sciar 20 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 22 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac eile lena chaitheamh;

(iv) sciar 20 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 22 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac píopa uisce;

(v) sciar 45 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 60 in aghaidh an 1 000 ítim nó EUR 180 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac téite, agus

(vi) sciar 0 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 0 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac monaraithe eile.

5. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Eanáir 2030 go dtí an 31 Nollaig 2031, áiritheoidh na Ballstáit gurb é a bheidh sna rátaí dleachta máil na méideanna seo a leanas ar a laghad:

(i) 20 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 50 in aghaidh an 1 000 ítim nó an chileagraim le haghaidh todóg agus todóigíní;

(ii) sciar 55 % den mheánphraghas miondíola ualaithe lena n-áirítear gach cáin nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 160 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh;

(iii) sciar 25 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 71,5 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac eile lena chaitheamh;

(iv) sciar 25 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 54 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac píopa uisce;

(v) sciar 50 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 70 in aghaidh an 1 000 ítim nó EUR 210 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac téite, agus

(vi) sciar 25 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 71,5 in aghaidh an chileagraim le haghaidh tobac monaraithe eile.

Airteagal 20a

1. Féadfaidh aon Bhallstát a bhfuil feidhm ag Airteagal 16a ina leith a chinneadh síneadh a chur leis an tréimhse ama a leagtar amach i mír 4 (ii) d'Airteagal 20 go dtí an 31 Nollaig 2031 agus an tréimhse ama a leagtar amach i mír 5 (ii) d'Airteagal 20 a chur siar agus a shíneadh ón 1 Eanáir 2032 go dtí an 31 Nollaig 2035.

2. Na Ballstáit a chinnfidh tréimhsí ama a chur siar nó a shíneadh i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi roimh ré.

3. Ón 1 Eanáir 2036, áiritheoidh na Ballstáit a bhaineann leas as an maolú a leagtar amach i mír 1 go bhfuil an ráta dleachta máil íosta a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Airteagal 20, toisc go ndéanfaí é a choigeartú i gcomhréir le hAirteagail 12, 12a agus 12b.

CAIBIDIL 6

FORÁLACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE TÁIRGÍ A BHAINEANN LE TOBAC

Airteagal 21

Na grúpaí seo a leanas de tháirgí a bhaineann le tobac, ar táirgí iad a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear ó thríú tíortha, beidh siad faoi réir dleacht mháil íosta i ngach Ballstát mar a leagtar síos in Airteagal 22:

(a) leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha;

(b) púitsí nicitín;

(c) táirgí eile nicitín.

Airteagal 22

1. Cuirfidh na Ballstáit dleacht mháil i bhfeidhm ar tháirgí a bhaineann le tobac arb éard a d'fhéadfadh a bheith inti ceann de na nithe seo a leanas:

(a) dleacht *ad valorem* arna ríomh ar bhonn uasphraghas miondíola gach táirge, arna cinneadh faoi shaoirse ag monaróirí atá bunaithe san Aontas agus ag allmhaireoirí ó thríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 24;

(b) i gcás leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, dleacht shonrach arna sloinneadh mar mhéid in aghaidh an mhillilítir;

(c) i gcás púitsí nicitín agus táirgí eile nicitín, dleacht shonrach arna sloinneadh mar mhéid in aghaidh an chileagraim;

(d) measc de phointí (a) agus (b), nó de phointí (a) agus (c) dá réir sin, lena gcomhcheanglaítear eilimint *ad valorem* agus eilimint shonrach.

I gcás ina mbíonn an dleacht mháil de chineál *ad valorem* nó measctha, féadfaidh na Ballstáit íosmhéid dleachta máil a shocrú.

2. Maidir leis an dleacht mháil fhoriomlán ar leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, bíodh nó ná bíodh nicitín iontu, beidh sí coibhéiseach ar a laghad, leis na rátaí nó na híosmhéideanna a leagtar síos le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) leachtanna nach bhfuil aon nicitín iontu: sciar 30 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 0,36 in aghaidh an mhillilítir, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;

(b) leachtanna ina bhfuil nicitín: sciar 30 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 0,36 in aghaidh an mhillilítir, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;

3. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Iúil 2028 go dtí an 31 Nollaig 2029, áiritheoidh na Ballstáit gurb ionann na rátaí dleachta máil agus 20 % ar a laghad den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 0,20 in aghaidh an mhillilítir.

4. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Eanáir 2030 go dtí an 31 Nollaig 2031, áiritheoidh na Ballstáit gurb ionann na rátaí dleachta máil agus 20 % ar a laghad den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 0,25 in aghaidh an mhillilítir.

5. An dleacht mháil fhoriomlán ar phúitsí nicitín agus ar tháirgí eile nicitín, beidh sí coibhéiseach ar a laghad, leis na rátaí nó na híosmhéideanna a leagtar síos le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) púitsí nicitín: sciar 50 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 50 in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;

(b) táirgí eile nicitín: sciar 50 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 80 in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12.

6. De mhaolú ar mhír 5, ón 1 Iúil 2028 go dtí an 31 Nollaig 2029, áiritheoidh na Ballstáit gurb é a bheidh sna rátaí dleachta máil na méideanna seo a leanas ar a laghad:

(a) púitsí nicitín: sciar 10 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 30 in aghaidh an chileagraim;

(b) táirgí eile nicitín: sciar 10 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 30 in aghaidh an chileagraim.

7. De mhaolú ar mhír 5, ón 1 Eanáir 2030 go dtí an 31 Nollaig 2031, áiritheoidh na Ballstáit gurb é a bheidh sna rátaí dleachta máil na méideanna seo a leanas ar a laghad:

(a) púitsí nicitín: sciar 25 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 40 in aghaidh an chileagraim;

(b) táirgí eile nicitín: sciar 25 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó ráta an Aontais arb é atá ann EUR 50 in aghaidh an chileagraim.

8. Beidh feidhm ag na rátaí nó na méideanna dá dtagraítear i míreanna 1 go 7 maidir le gach táirge a bhaineann leis an ngrúpa táirgí lena mbaineann, ar táirgí iad a bhaineann le tobac, gan idirdhealú i ngach grúpa maidir le cáilíocht, cur i láthair, tionscnamh na dtáirgí, maidir leis na hábhair a úsáideadh, saintréithe na ngnólachtaí atá i gceist ná aon chritéar eile.

CAIBIDIL 7

FORÁLACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE TOBAC AMH

Airteagal 23

Maidir le tobac amh a fhástar san Aontas agus tobac amh a allmhairítear ó thríú tíortha, beidh sé faoi réir dleacht mháil íosta i ngach Ballstát arb é atá ann EUR 0 in aghaidh an chileagraim.

CAIBIDIL 8

AN tUASPHRAGHAS MIONDÍOLA A CHINNEADH

TOBAC MONARAITHE AGUS TÁIRGÍ A BHAINEANN LE TOBAC

Airteagal 24

1. Maidir le monaróirí nó, i gcás inarb iomchuí, a gcuid ionadaithe nó a gcuid gníomhairí údaraithe san Aontas agus maidir le hallmhaireoirí a allmhairíonn tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac ó thríú tíortha, beidh siad saor chun an t-uasphraghas miondíola a chinneadh le haghaidh gach ceann dá gcuid táirgí le haghaidh gach Ballstáit ina bhfuil na táirgí atá i gceist le scaoileadh lena dtomhailt.

   Ní féidir leis an gcéad fhomhír, áfach, bac a chur ar chur chun feidhme na gcóras náisiúnta reachtaíochta maidir le rialú na leibhéal praghsanna nó le hurramú na bpraghsanna arna bhforchur, ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach le reachtaíocht an Aontais.

2. Chun tobhach na dleachta máil a éascú, féadfaidh na Ballstáit, i gcás gach grúpa de thobac monaraithe agus de tháirgí a bhaineann le tobac, scála praghsanna miondíola a shocrú ar choinníoll go mbíonn raon feidhme agus éagsúlacht leordhóthanach i ngach scála chun freagairt iarbhír don éagsúlacht táirgí ar de thionscnamh an Aontais iad.

Beidh gach scála bailí le haghaidh na dtáirgí uile a bhaineann leis an ngrúpa de thobac monaraithe agus de tháirgí a bhaineann le tobac lena mbaineann an scála, gan idirdhealú ar bhonn cáilíochta, cur i láthair, thionscnamh na dtáirgí ná na n-ábhar a úsáideadh, shaintréithe na ngnóthas atá i gceist ná aon chritéar eile.

CAIBIDIL 9

DLEACHT MHÁIL A BHAILIÚ, DÍOLÚINTÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ

Airteagal 25

1. I gcás ina mbailíonn Ballstáit an dleacht mháil trí bhíthin stampaí cánach, beidh sé d'oibleagáid orthu na stampaí sin a chur ar fáil do mhonaróirí agus déileálaithe sna Ballstáit eile. I gcás ina mbailíonn siad an dleacht mháil ar mhodhanna eile, áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh aon bhacainn, cé acu bacainn riaracháin ná theicniúil, difear do thrádáil idir na Ballstáit mar gheall uirthi sin.

2. Allmhaireoirí a allmhairíonn agus monaróirí Aontais a mhonaraíonn tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac , cuirfear iad faoi réir an chórais a leagtar amach i mír 1 a mhéid a bhaineann leis na rialacha mionsonraithe maidir leis an dleacht mháil a thobhach agus a íoc.

Airteagal 26

1. I gcás ina gcuireann na Ballstáit dleacht mháil i bhfeidhm ar thobac amh, aisíocfaidh siad méid de dhleacht mháil a íocadh le haghaidh tobac amh a úsáideadh chun tobac monaraithe a tháirgeadh.

   Cinnfidh na Ballstáit na coinníollacha agus na foirmiúlachtaí a mbeidh na díolúintí nó aisíocaíochtaí sin faoina réir.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a dhíolmhú ó dhleacht mháil nó féadfar dleacht mháil a íocadh na nithe seo a leanas cheana a aisíoc:

   (a) tobac monaraithe dínádúraithe a úsáidtear chun críoch tionsclaíoch nó gairneoireachta;

   (b) tobac monaraithe, táirgí a bhaineann le tobac agus tobac amh a scriostar faoi mhaoirseacht riaracháin;

   (c) tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac nach bhfuil beartaithe ach amháin le haghaidh tástálacha eolaíochta agus le haghaidh tástálacha a bhaineann le cáilíocht táirgí;

   (d) tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac a ndéanann an táirgeoir é nó iad a athshaothrú.

   Cinnfidh na Ballstáit na coinníollacha agus na foirmiúlachtaí a mbeidh na díolúintí nó aisíocaíochtaí sin faoina réir.

CAIBIDIL 10

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 27

1. Foilseoidh an Coimisiún uair sa bhliain luach an euro in airgeadraí náisiúnta atá le cur i bhfeidhm ar mhéideanna na dleachta máil foriomláine.

   Ríomhfar na rátaí malairte is infheidhme mar an meánráta malairte ar na laethanta gnó ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh. Foilseoidh an Coimisiún na meánrátaí malairte sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir den bhliain féilire dár gcionn.

2. Féadfaidh na Ballstáit méideanna na ndleachtanna máil atá i bhfeidhm tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear i mír 1 a choinneáil ar bun más rud é go dtiocfadh méadú níos lú ná 5 % nó níos lú ná EUR 5, cé acu méid is ísle, ar an dleacht mháil arna sloinneadh san airgeadra náisiúnta mar thoradh ar chomhshó mhéideanna na ndleachtanna máil arna shloinneadh in euro.

Airteagal 28

1. Faoin 31 Nollaig 2032 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo.

   Sa tuarascáil ón gCoimisiún déanfar scrúdú ar leibhéil íosta chánachais agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, an tsláinte phoiblí, fíorluach na rátaí dleachta máil, an éifeacht a bheadh ag ceanglais chomhchuibhithe ghluaiseachta agus rialaithe a chur i bhfeidhm maidir le tobac amh a áireofaí in EMCS ar ghníomhú in aghaidh na trádála aindleathaí, agus cuspóirí níos leithne an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh á gcur san áireamh. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar chur i bhfeidhm agus tionchar na bhforálacha a bhaineann le tobac amh a mhéid a bhaineann le himghabháil cánach agus calaois chánach .

Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, arna iarraidh sin dó, an fhaisnéis atá ar fáil agus is gá chun an tuarascáil a ullmhú, lena n-áirítear na sonraí staidrimh is gá chun tacú le measúnú ar mhéid an ioncaim máil a chailltear gach bliain ar a gcríoch mar gheall ar neamhchomhlíonadh.

2. Beidh an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 bunaithe go háirithe ar an bhfaisnéis a sholáthróidh na Ballstáit.

3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an treoir seo gan moill mhíchuí, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar Threoir 2014/40/AE (an Treoir um Tháirgí Tobac) á chur san áireamh.

Airteagal 29

1. Tabharfaidh an Coiste um Dhleacht Mháil a bunaíodh le hAirteagal 52(1) de Threoir (AE) 2020/262 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[Scriostar Airteagal 30]

Airteagal 31

1. Faoin 30 Meitheamh 2028, glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun comhlíonadh a dhéanamh ar Airteagal 1, Airteagal 2(1), pointí (d), (e) agus (f), Airteagal 2(2) go (6), Airteagal 4(1), pointe (a), Airteagal 4(3), Airteagail 6 go 12, Airteagail 16 agus 17, Airteagal 20(1), pointe (b), Airteagal 20(2), (4) agus (5), Airteagail 21 go 24, Airteagal 25(2), Airteagal 26 agus Airteagal 28(1). Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Iúil 2028.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 32

Déantar Treoir 2011/64/AE a aisghairm le héifeacht ón 1 Iúil 2028, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid B, a ghabhann le Treoir 2011/64/AE a thrasuí sa dlí náisiúnta agus maidir le dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin.

Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 33

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Ón 1 Iúil 2028 ar aghaidh beidh feidhm ag Airteagal 2(1), pointí (a) go (c), Airteagal 3, Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagal 4(2), Airteagal 5, Airteagail 13, 14, 15 agus 17, Airteagal 19, Airteagal 20(1), pointí (a) agus (c), Airteagal 20(3), Airteagal 25(1), Airteagal 27 agus Airteagal 28(2).

Airteagal 34

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán